

‘Le linn na tréimhse 1920-1939, cad iad na fadhbanna sóisialta agus eacnamaíochta a bhí roimh an mBreatain agus cé chomh héifeachtach agus a déileáladh leo’ (2019)

Cé gur bhuaigh an Bhreatain sa Chéad Chogadh Domhanda, bhí costas an bhua ard. Bhí os cionn 750,000 saighdiúir marbh agus gortaíodh os cionn milliún saighdiúir go dona. Bhí fiachas náisiúnta na tíre 1000% níos airde ná an ráta in 1914. Tar éis borradh gairid in 1919, tháinig meath ar gheilleagar na tíre agus faoi na 1930idí, bhí an Bhreatain ina tír lagbhríoch ó thaobh an gheilleagair de. Tharla an meath seo mar go raibh príomhthionscail na Breataine, longthógáil agus gual, á ndéanamh in áiteanna eile, Meiriceá agus an Ghearmáin mar shampla, ar bhonn níos saoire agus níos tapúla.

Ba iad na trí cheantar ba bhoichte ná Deisceart na Breataine Bige, Albain Láir agus Cumberland. Bhí 4 phríomhfhadhb shóisialta roimh na ceantair seo: droch-chaighdeán maireachtála agus coinníollacha oibre, chomh maith le ráta ard dífhostaíochta agus básmhaireacht naíonán. Cé gur chuir rialtas na Breataine airgead ar fáil chun an geilleagar áitiúil a fheabhsú, ní dhearna sé aon rud chun na réigiúin seo a fheabhsú.

Ansin, in 1931, tugadh sochar sóisialach isteach ach rinneadh tástáil ó thaobh acmhainne air agus níor mhair sé ach 26 seachtaine. Bhí trí phríomhchúis leis an mbochtaineacht seo. I dtosach báire, cheangail Winston Churchill an punt le hór in 1925. D'ardaigh an t-órchaighdeán costas easpórtálacha na Breataine 10%, rud a chuir isteach go mór ar easpórtálacha. Sa bhliain 1926, d'iarr Comhdháil na gCeardchumann (*Trade Union Congress*) Stailc Ghinearálta mar agóid ar an laghdú pá agus an méadú ar uaireanta oibre; chuaigh an rialtas thar fóir, ag maíomh gur thús leis an gCumannachas a bhí sa stailc. Mar sin, in 1927 chuir an tAcht um Dhíospóid Trádála (*Trade Dispute Act*) cosc ar gach stailc eile. Tharla Cliseadh Wall Street in 1929, a raibh tionchar diúltach

aige ar an mBreatain. In 1930, tháinig laghdú 50% ar líon na n-easpórtálacha agus tháinig méadú ollmhór ar an ráta dífhostaíochta. I, 1929, ní raibh ach 1.5 milliún dífhostaithe. Trí bliana ina dhiaidh sin, áfach, bhí an figiúr seo ag 3.5 milliún. Chun dul i ngleic leis seo, laghdaigh an rialtas an sochar dífhostaíochta, laghdaigh siad pá na státseirbhíseach agus fuair siad réidh leis an órchaighdeán!

Bhí Jarrow ar cheann de na ceantair ba mheasa a bhí buailte leis na hathruithe seo. In oirthuaisceart Shasana ar an abhainn Tyne, ba bhaile beag é ina raibh 300,000 duine. Tugadh Palmersville ar an áit go neamhoifigiúil toisc go raibh sé ag brath go mór ar an gcuideachta a thóg 50% de longa an domhain tráth agus a d'fhostaigh 10,000 duine. Ar an drochuair, tar éis an Spealta Mhóir, níor thóg siad ach 7% de longa an domhain agus in 1934 tháinig deireadh leis an gcomhlacht, tar éis 82 bhliain de thógáil long. Dúnadh thart ar 50% de na siopaí i mbaile Jarrow. Bhí dífhostaíocht ag 15%, ach bhí an ráta dífhostaíochta ag 72% in Jarrow. Bhí ráta báis naíonán ag 3.8% sa tír, ach b'ionann ráta Jarrow agus 3.8%.

Mar sin i 1932, d'eagraigh Gluaiseacht Náisiúnta na nOibrithe Dífhostaithe (National Unemployment Workers Movement - NUWM) mórshiúl ocras agus tugadh inspioráid do mhuintir Jarrow. Thug siad feachtas (crusade) ar an mórshiúl, áfach, toisc nár theastaigh uathu a bheith bainteach leis an nasc idir an NUWM agus an Cumannachas. Dhréachtaigh siad achainí ar a raibh iarratas tionscal a sholáthar do Jarrow, agus fuair siad 11,000 síniú. Mar sin, tar éis scrúdú cuimsitheach dochtúra, roghnaíodh 200 de na fir ab aclaí chun mórshiúl 300 míle a dhéanamh ó Jarrow go Londain.

Bhí bus dara láimhe ann a chuir bia, iompar agus dídean ar fáil. Bhí an tArdmhéara agus Ellen Wilkinson mar chuid den mhórshiúl chomh maith. Choinnigh siad an achainí i mbosca darach. Shiúlaidís ar feadh 50 nóiméad le 10 nóiméad scíthe. Rinne siad 15 mhíle in aghaidh an lae, ar an meán. Bhí labradór acu mar shonóg (mascot). Chlúdaigh an BBC an mórshiúl, chomh maith le nuachtáin áitiúla. Fuair siad síntiúis d'fheoil agus de thoitíní ó áiteanna ar nós Leeds.

Tar éis 23 lá agus dhá dheireadh seachtaine scíthe, bhain siad Londain amach ar an 31 Deireadh Fómhair, Oíche Shamhna. Bhí cruinniú acu in Hyde Park ar an 1 Samhain agus ar an 4 Samhain, chuir siad achainí faoi bhráid na Parlaiminte. Dúirt an Príomh-Aire Stanley Baldwin "go raibh sé

ró-ghnóthach.”, dar le Ellen Wilkinson. Mar sin chuaigh sí féin agus an tArdmhéara chun cainte le grúpa Airí i dTeach na dTeachtaí ach ní dhearnadh aon rud.

Cé nach raibh mórán tacaíochta ann ag an tús, tarraingíodh neart airde ar an mórshiúl. In 1938, bunaíodh monarcha innealtóireachta agus clós longscartála in Jarrow mar chuid de chlár atharmála na Breataine roimh an Dara Cogadh Domhanda. Ina theannta sin, chuir beartais chaomhnaitheachta an rialtais feabhas éigin ar gheilleagar na Breataine sa deireadh, trí thomhaltas intíre a mhéadú. Chomh maith leis sin, tháinig borradh faoi thógáil tithe a bhuí le morgáistí ar phraghsanna ísle.